# Amhránaí Óg

Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhuachaill óg a chan an t-amhrán, *Ireland's Call*, roimh chluiche rugbaí. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| amhrán, amhránaí, amhránaíocht<br>guth | *international fame*<br>*commotion …* |

1. Bhí Éire agus an Iodáil ag imirt cluiche rugbaí ar an 11 Feabhra. Cé a bhuaigh an cluiche agus cén scór a bhí ann?

2. Seo na tíortha a ghlacann páirt i gCraobh na Sé Náisiún. An féidir leat na tíortha a mheaitseáil leis na liathróidí cuí? Scríobh an uimhir cheart in aice le gach liathróid.

   1. Éire
   2. Albain
   3. An Bhreatain Bheag
   4. Sasana
   5. An Fhrainc
   6. An Iodáil








Féachaigí ar an bhfíseán beag seo agus freagraígí na ceisteanna faoi ansin.

Is féidir an físeán a scanadh anseo.

1. Conas a mhothaíonn tú nuair a éisteann tú leis an amhrán sin?
2. Cad a cheapann tú faoin mbuachaill óg atá ag canadh?




## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. clú idirnáisiúnta | a. *polish* |
| 2. snas | b. *stage* |
| 3. eachtrúil | c. *memory* |
| 4. aird | d. *excellent* |
| 5. clampar | e. *eventful* |
| 6. ardán | f. *commotion* |
| 7. ar fheabhas | g. *desires* |
| 8. féinmhuinín | h. *international fame* |
| 9. cuimhne | i. *self-confidence* |
| 10. mianta | j. *attention* |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Bhí ________________ na tíre tarraingthe ar an mbuachaill óg.
- Chuir mé mo chuid ________________ in iúl go han-soiléir.
- Bhain sé _______________ amach ó chan sé *Ireland's Call* ag an deireadh seachtaine.
- Tá a chuid amhránaíochta _______________.
- Tá ______________ ag an mbuachaill óg agus é ar an _______________.
- Beidh ______________ ag gach duine ar an lá a chan an buachaill an t-amhrán sin.
- Cuirim _______________ ar mo chuid Gaeilge le SnasTV Nuacht.
- Deireadh seachtaine _______________ a bhí ann i gCraobh na Sé Náisiún.
- Bhí _______________ mór ar na meáin shóisialta tar éis don bhuachaill an t-amhrán a chanadh.

3. Cén aois a bhíonn leanaí sna naíonáin bheaga agus sna naíonáin mhóra, de ghnáth?

_______________________________________________

4. Deir Siobhán sa mhír go raibh sí '<u>ag faire</u> air ar an teilifís'. Cén tslí a ndeir tusa 'ag faire'?

_______________________________________________

5. Tháinig an frása 'ar bís' aníos sna ceachtanna seo le déanaí. Cad is brí leis?

_______________________________________________

## C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cárb as Stevie Mulrooney agus cá dtéann sé ar scoil?

________________________________________

2. Cén fáth ar tarraingíodh aird idirnáisiúnta ar Stevie ar an 11 Feabhra?

________________________________________

3. Cad a chan sé agus cén áit ar chan sé an t-amhrán sin?

________________________________________

4. Deir Stevie gur cuireadh go leor agallamh air sna meáin. Cad iad na meáin a luaigh sé sa mhír?

________________________________________

5. Cad ba mhaith le Stevie a dhéanamh nuair a bheidh sé níos sine?

________________________________________

6. Cé hí Sylvia Knox agus conas a chabhraigh sí le Stevie?

________________________________________

7. Cad a dúirt Sylvia Knox faoi Stevie?

________________________________________

8. Cad a dúirt an príomhoide faoi na daltaí atá sa rang le Stevie Mulrooney?

________________________________________



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint arís!)

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cad is féidir libh a rá faoi fhoirm an bhriathair **téigh** sna trí abairt thíos:

1. Téann sé abhaile díreach tar éis na scoile.
2. An dtéann sé abhaile díreach tar éis na scoile?
3. Ceapaim go dtéann sé abhaile díreach tar éis na scoile.

b) Tugtar an chlaoninsint nó an chaint indíreach ar an tríú sampla thuas; is é sin foirm an bhriathair a úsáidtear i ndiaidh frásaí ar nós ‘ceapaim’, ‘sílim’, ‘is dócha’ agus ‘dúirt sé/sí’. Pléigí na rialacha a bhaineann leis an gclaoninsint san aimsir **láithreach** sa tábla anois.

| | **Briathra rialta** | | **Briathra a bhfuil foirm neamhrialta acu sa chlaoninsint** |
|---|---|---|---|
| **Aimsir/ Modh** | **Riail** | **Samplaí** | *Leid: Cuimhnigh ar fhoirm an bhriathair a úsáidtear i gceisteanna:*<br>*Tá > an **bhfuil?***<br>*Dúirt sí **go bhfuil*** |
| **an aimsir láithreach** | **go + urú** | Dún > **go n**dúnann<br>Cuir > **go g**cuireann<br>Imigh > **go n-**imíonn | Tá > **go bhfuil** |

c) Athscríobh na habairtí atá sa cholún ar chlé sa cholún ar dheis. Conas a athraíonn na briathra tar éis na bhfocal sa cholún ar dheis. Tá an chéad cheann déanta duit.

| | |
|---|---|
| ***Tá lá deas ann.*** | *Dúirt sí **go bhfuil** lá deas ann.* |
| **Ceapann sé an rud céanna.** | Is dócha |
| **Ceannaím caife gach maidin.** | Deir sé |
| **Itheann sé feoil.** | Ceapaim |
| **Déanann sí an obair gach Luan.** | Is dóigh liom |
| **Ólann siad tae go rialta.** | Sílim |
| **Imríonn siad leadóg.** | Tá mé cinnte |

## 2: Saibhreas teanga (*yeah*)

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar an gcuid sin den mhír, ina bhfuil Tomás Ó Mainnín ag cur agallamh ar Stevie, agus freagraígí na ceisteanna le chéile.

1. Cén Ghaeilge atá agaibh ar ‘*busy*’? Cén fáth ar úsáid Stevie an focal Béarla, dar libh?
2. Baineann sé úsáid as an bhfocal ‘*yeah*’ ceithre huaire. Déanaigí bhur machnamh ar fhocail Ghaeilge a d’fhéadfadh sé a úsáid in ionad ‘*yeah*’ sa chomhrá sin:

| | |
|---|---|
| **Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh**<br>*Yeah*, bhí deireadh seachtaine *busy* agam.<br>*Yeah*, bhí mé ag dul go dtí KCLR agus BBC.<br>*Yeah*, bhí mé ag dul go dtí a lán áiteanna.<br>**Tomás Ó Mainnín:** Agus anois tá tú ar TG4.<br>**Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh**<br>*Yeah*, tá mé ar TG4 anois. | **Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh**<br>____________, bhí deireadh seachtaine *busy* agam.<br>____________, bhí mé ag dul go dtí KCLR agus BBC.<br>____________, bhí mé ag dul go dtí a lán áiteanna.<br>**Tomás Ó Mainnín:** Agus anois tá tú ar TG4.<br>**Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh**<br>____________, tá mé ar TG4 anois. |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint – Cluiche cuimhne – Cad a dhéanann tú gach lá?

Bíodh an rang ar fad ina suí i gciorcal. Beidh sibh ag imirt cluiche cuimhne anois ina mbeidh sibh:

1) ag rá cad a dhéanann tú féin gach lá agus
2) ag rá cad a dhéanann gach duine eile gach lá.


Beidh oraibh a bheith ag éisteacht go cúramach le gach duine. Beidh oraibh an chlaoninsint a úsáid (féach **D: FEASACHT TEANGA**) freisin. Beidh ar an gcéad duine a rá céard a dhéanann siad gach lá. Caithfidh an dara duine cuimhneamh ar an méid a dúirt an chéad duine agus a f(h)reagra féin a thabhairt ar an gceist. Caithfidh an tríú duine cuimhneamh ar an méid a dúirt an chéad bheirt agus abairt bhreise a chur leis, srl.  Nóta: Is féidir bréaga a insint, ach caithfidh gach duine briathar nua a úsáid.  Beidh an chlaoninsint in úsáid agaibh an t-am ar fad, mar shampla:

| | |
|---|---|
| Duine 1 (Aoife): | Éirím ag a seacht a chlog gach lá scoile. |
| Duine 2 (Aisling): | Dúirt Aoife go n-éiríonn sí ag a seacht a chlog gach lá scoile. Tógaim cith ag a hocht a chlog. |
| Duine 3 (Úna): | Dúirt Aoife go n-éiríonn sí ag a seacht a chlog gach lá scoile. Dúirt Aisling go dtógann sí cith ag a hocht a chlog. Ithim bricfeasta ag a naoi a chlog. |

## 2: Scríobh

An bhfuil cuimhne agat ar an méid a dhéanann gach duine gach lá? Scríobh amach an méid a dúirt gach duine anois. Bí cinnte go gcuireann tú ‘Dúirt sé’ nó ‘Dúirt sí’ ag tús gach abairte. Is leor sé líne nó mar sin.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |



## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat: |
| --- |
| |

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Anois, tá clú idirnáisiúnta bainte amach ag buachaill óg ó Chontae Chill Chainnigh ón ndeireadh seachtaine[1], ó chan sé i bPáirc an Aviva roimis[2] chluiche rugbaí na hÉireann in aghaidh na hIodáile. Is i nGaelscoil i gCill Chainnigh a chuir Stevie Mulrooney snas ar a chuid amhránaíochta. Agus maidin inniu bhí sé thar n-ais[3] ar scoil tar éis a dheireadh seachtaine eachtrúil.

**Tomás Ó Mainnín**
Gan é ach ocht mbliana d'aois ón mí seo caite, tá aird idirnáisiúnta tarraingthe ar Stevie Mulrooney. Tá na milliúin tar éis é a fheiscint[4] ag canadh ina aonar ar pháirc na himeartha san Aviva, Dé Domhnaigh seo imithe tharainn. Is anseo i nGaelscoil Osraí i gCill Chainnigh atá Stevie ar scoil. Agus maidin inniu, bhí deireadh leis an gclampar agus Stevie thar n-ais ar scoil tar éis a thurais ar Bhaile Átha Cliath.

**Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh**
*Yeah*, bhí deireadh seachtaine *busy* agam. *Yeah*, bhí mé ag dul go dtí KCLR agus BBC. *Yeah*, bhí me ag dul go dtí a lán áiteanna.
**Tomás Ó Mainnín**
Agus anois tá tú ar TG4.
**Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh**
*Yeah*, tá mé ar TG4 anois.
**Tomás Ó Mainnín**
Cad ba mhaith leatsa a dhéanamh nuair a bheidh tú mór?
**Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh**
Ba mhaith liomsa canadh agus a bheith ag imirt rugbaí.

**Sylvia Knox, Múinteoir Ceoil, Gaelscoil Osraí**
Chuala mé Stevie nuair a bhí sé sna naíonáin bheaga. Tháinig sé isteach chugam agus chan sé rud éigin ar an ardán agus bhí ionadh an domhain orm. An leaidín beag sin leis an nguth mór. *So*, le déanaí, chuir Daid glaoch orm chun cabhrú leis ullmhú don Aviva. Agus, tháinig sé suas chuig mo theach agus rinneamar cúpla ceacht agus bhí sé ar fheabhas agus thóg sé gach rud ar bord a dúirt mé leis. Agus, *just*, ní chreidim an fhéinmhuinín atá ag an leaid sin. Tá sé *just* ar fheabhas ar fad.

**Siobhán Ní Chorcora, Príomhoide Ghaelscoil Osraí**
Bhí áthas an domhain orainn fáilte a chur roimhe ar maidin agus é ag filleadh, agus bhí na páistí eile, na daltaí eile sa rang, bhíodar ar bís chun fáilte a chur roimhe, mar gan amhras, bhíomar ar fad ag faire air ar an dteilifís.

**Tomás Ó Mainnín**
B'fhéidir nach mairfidh cuimhne an chluiche rófhada ach is cinnte go mairfidh cuimhne an bhuachalla bhig ó Chill Chainnigh a spreag na Gaeil chun imeartha. Lena mhianta féin tagtha chun fírinne go dtí seo aige, b'fhéidir nach bhfuil deireadh feicthe go fóill de Stevie Mulrooney ar pháirc na himeartha. Tomas Ó MainnínMainnín, Nuacht TG4, i nGaelscoil Osraí, i gCill Chainnigh.

---

[1] Canúint na Mumhan atá ag na cainteoirí seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.
[2] roimis = leagan canúnach de 'roimh'
[3] thar n-ais = leagan canúnach de 'ar ais'
[4] feiscint = leagan canúnach de 'feiceáil'

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh faoin méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. 36 (Éire) – 0 (an Iodáil) an scór a bhí ann. Seo na tíortha:

1. Éire 
2. Albain 
3. An Bhreatain Bheag 
4. Sasana 
5. An Fhrainc 
6. An Iodáil 

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| clú idirnáisiúnta | *international fame* |
| snas | *polish* |
| eachtrúil | *eventful* |
| aird | *attention* |
| clampar | *commotion* |
| ardán | *stage* |
| ar fheabhas | *excellent* |
| féinmhuinín | *self-confidence* |
| cuimhne | *memory* |
| mianta | *desires* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| h | a | e | j | f | b | d | i | c | g |

2. Féach:
   - Bhí **aird** na tíre tarraingthe ar an mbuachaill óg.

- Chuir mé mo chuid **mianta** in iúl go han-soiléir.
- Bhain sé **clú idirnáisiúnta** amach ó chan sé *Ireland's Call* ag an deireadh seachtaine.
- Tá a chuid amhránaíochta **ar fheabhas**.
- Tá **féinmhuinín** ag an mbuachaill óg agus é ar an **ardán**.
- Beidh **cuimhne** ag gach duine ar an lá a chan an buachaill an t-amhrán sin.
- Cuirim **snas** ar mo chuid Gaeilge le SnasTV Nuacht.
- Deireadh seachtaine **eachtrúil** a bhí ann i gCraobh na Sé Náisiún.
- Bhí **clampar** mór ar na meáin shóisialta tar éis don bhuachaill an t-amhrán a chanadh.

3. Naíonáin bheaga – 4-5 bliana agus naíonáin mhóra – 5-6 bliana.
4. Ag féachaint; ag amharc; ag breathnú.
5. Ar bís – *excited*.

### C: TUISCINT
Féach an script.

### D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint arís!)

a) Féach:
   1. <u>Téann</u> sé abhaile díreach tar éis na scoile.  (An aimsir láithreach)
   2. <u>An dtéann</u> sé abhaile díreach tar éis na scoile? (An fhoirm cheisteach, aimsir láithreach)
   3. Ceapaim <u>go dtéann</u> sé abhaile díreach tar éis na scoile. (An chlaoninsint, aimsir láithreach)

b) Tabhair deis do na foghlaimeoirí na rialacha a phlé le chéile.

c) Féach:

| *Tá lá deas ann.* | *Dúirt sí* ***go bhfuil*** *lá deas ann.* |
|---|---|
| **Ceapann sé an rud céanna.** | Is dócha go gceapann sé an rud céanna. |
| **Ceannaím caife gach maidin.** | Deir sé go gceannaíonn sé caife gach maidin. |
| **Itheann sé feoil.** | Ceapaim go n-itheann sé feoil. |
| **Déanann sí an obair gach Luan.** | Is dóigh liom go ndéanann sí an obair gach Luan. |
| **Ólann siad tae go rialta.** | Sílim go n-ólann siad tae go rialta. |
| **Imríonn siad leadóg.** | Tá mé cinnte go n-imríonn siad leadóg. |

## 2: Saibhreas teanga (*yeah*)

1. *Busy* – gnóthach, cruógach. Nuair a bhíonn dhá theanga beo taobh le taobh is minic a úsáidtear focail ón teanga eile. Tugtar códmheascadh air seo agus is nós nádúrtha é sa Ghaeilge labhartha focail ón mBéarla a úsáid.
2. Níl thíos ach cúpla sampla. Tá go leor féidearthachtaí eile ann:

| |
|---|
| **Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh**<br>*Cinnte / Muise / is ea*, bhí deireadh seachtaine *busy* agam.<br>*Bhfuil a fhios agat / An dtuigeann tú*, bhí mé ag dul go dtí KCLR agus BBC.<br>*A Dhia / M'anam / nach bhfuil a fhios agat*, bhí mé ag dul go dtí a lán áiteanna.<br>**Tomás Ó Mainnín:** Agus anois tá tú ar TG4.<br>**Stevie Mulrooney, Cill Chainnigh**<br>*Is fíor duit / Is ea / Sin é*, tá mé ar TG4 anois. |

### E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Cuir an rang ina suí i gciorcal agus iarr ar an gcéad duine a rá céard a dhéanann siad gach lá. Caithfidh an dara duine cuimhneamh ar an méid a dúirt an chéad duine agus a f(h)reagra féin a thabhairt ar an gceist.  Caithfidh an tríú duine cuimhneamh ar an méid a dúirt an chéad bheirt agus

abairt bhreise a chur leis, srl. Nóta: Is féidir bréaga a insint ach caithfidh gach duine briathar nua a úsáid. Beidh an chlaoninsint in úsáid acu an t-am ar fad. Ba cheart go mbeadh deis ag gach duine trí abairt nó mar sin a rá faoin méid a dhéanann siad gach lá agus cuimhneamh ar thimpeall 6-9 rud a dhéanann na foghlaimeoirí eile.

### 2: Scríobh

Iarr orthu ansin píosa a scríobh, timpeall 6 líne nó mar sin, faoin méid a dúirt na daoine eile a dhéanann siad gach lá.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

*Curtha ar fáil ag* Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc & Tástáil *le tacaíocht ó*

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4